Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2016
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0382 (COD)**

**15120/16**
**ADD 9**

**ENER 417**
**CLIMA 168**
**CONSOM 298**
**TRANS 479**
**AGRI 650**
**IND 261**
**ENV 757**
**IA 130**
**CODEC 1802**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2016) 419 final - CUID 2/2 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>Inbhuanaitheacht an bhithfhuinnimh a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 419 final - CUID 2/2.

---

Faoi iamh: SWD(2016) 419 final - CUID 2/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2016
SWD(2016) 419 final

PART 2/2

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**Inbhuanaitheacht an bhithfhuinnimh**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú)**

{COM(2016) 767 final}
{SWD(2016) 416 final}
{SWD(2016) 417 final}
{SWD(2016) 418 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar inbhuanaitheacht an bhithfhuinnimh |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| In ainneoin go bhfuil ról lárnach ag an méadú atá tar éis teacht ar tháirgeadh bithfhuinnimh chun cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, fágtar gur ann do roinnt fadhbanna agus go bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leis an méadú ar úsáid an bhithfhuinnimh in earnáil an téimh agus an leictreachais. Ina theannta sin, léiríodh sa chomhairliúchán poiblí nach bhfuil an pobal ar aon intinn maidir leis na tairbhí agus na rioscaí a bhaineann le bithfhuinneamh agus féadfaidh sé sin an bonn a bhaint ó infheistíochtaí san earnáil, go háirithe in éagmais creat beartais phoiblí fónta.<br>Ar bhonn ionchuir ó pháirtithe leasmhara, staidéar agus fianaise eolaíoch eile, d'aithin seirbhísí an Choimisiúin trí fhadhb nó riosca lárnacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le húsáid na bithmhaise soladaí chun teas agus leictreachas a ghiniúint. **i)** Feidhmíocht aeráide an bhithfhuinnimh. **ii)** An tionchar comhshaoil ar an mbithéagsúlacht agus ar cháilíocht na hithreach agus an aeir. **iii)** An méadú atá ag teacht ar an lear mór bithmhaise a dhóitear i suiteálacha ísealéifeachtúla.<br>Leis an Measúnú Tionchair seo, cuirtear ar fáil anailís chomhlántach ar an Measúnú Tionchair a thacaíonn leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, lena bhféachtar ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as bithbhreoslaí in earnáil an iompair, go háirithe astaíochtaí ó athrú indíreach ar thalamhúsáid agus forbairt bithbhreoslaí ardfhorbartha. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é is príomhchuspóir don tionscnamh inbhuanaitheacht acmhainn táirgthe agus úsáide an bhithfhuinnimh in earnáil an téimh agus an leictreachais a áirithiú. Chuige sin, is den riachtanas aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus na rioscaí thuasluaite le creat beartais atá soiléir, ina mbeidh gach gníomhaíocht nua ina comhlánú éifeachtúil, ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, ar na beartais agus ar na bearta sin atá ann cheana.<br>Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh go mbeidh buntáistí ag baint leis ó thaobh gníomhaíocht ar son na haeráide, cosaint an chomhshaoil, éifeachtúlacht acmhainní, agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus, ag an am céanna, go gcoinneofar an leibhéal gníomhaíochta i gcomhréir le méid na bhfadhbanna agus na rioscaí. Ina theannta sin, ba cheart go mbainfear amach leis an tionscnamh cuspóirí uileghabhálacha an Choimisiúin, go háirithe trí na nithe seo a leanas a chur chun cinn: i) fás, poist agus infheistíocht agus ii) an tAontas Eorpach a bheith ar thús cadhnaíochta i bhfuinneamh in-athnuaite. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Ar leibhéal an Aontais a leagtar síos na spriocanna maidir le maolú ar an athrú aeráide agus fuinneamh in-athnuaite agus is mar thoradh ar an sprioc maidir le fuinneamh in-athnuaite go háirithe a tháinig méadú ar úsáid na bithmhaise chun fuinneamh a tháirgeadh san Aontas le deich mbliana anuas. Ar an ábhar sin, ní mór a áirithiú ar leibhéal an Aontais go dtacaíonn an úsáid a bhaintear as bithfhuinneamh chun spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh, go dtacaíonn an úsáid sin leis an gcuspóir foriomlán aeráide freisin. Baineann gné thrasteorann le cuid de na rioscaí inbhuanaitheachta maidir le forbairt bithfhuinnimh agus is éifeachtúla, dá bharr, aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais. Is fíor sin, go háirithe, i gcás tionchair ar an gcomhshaol amhail an t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht, agus an truailliú aeir. Féadfaidh gníomhaíochtaí margaidh tionchar a imirt thar theorainneacha freisin, mar is amhlaidh mar shampla i gcás saincheisteanna iomaíochta maidir le bunábhair bhithmhaise. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Tháinig an fhadhb seo a leanas aníos le linn an phróisis comhairliúcháin agus nuair a rinneadh an fhianaise a iniúchadh:<br>– Tá cuid mhór páirtithe leasmhara, de pháirt amháin, den tuairim gurb iad na cineálacha áirithe úsáide a bhaintear as bithmhais chun fuinneamh a tháirgeadh is údar don amhras ar an bpobal maidir leis na tairbhí don chomhshaol a bhaineann leo, agus go gcuireann an t-amhras sin srian leis an bhforbairt a dhéanfar ar bhithfhuinneamh amach anseo, forbairt atá tábhachtach má táthar chun teacht ar fhoinsí eile fuinnimh seachas breoslaí iontaise;<br>– Ag an am céanna, léiríonn an fhianaise eolaíoch go bhfuil na tionchair fhoriomlána ag an úsáid a bhaintear |

as bithmhais ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar an mbithéagsúlacht bunaithe ar an iomarca athróg agus ní féidir measúnú a dhéanamh ar na tionchair sin ná deimhin a dhéanamh díobh a bhuí le saintreoracha ginearálta ach ba cheart iniúchadh a dhéanamh orthu de réir an cháis agus an tsuímh atá i gceist.

Ar an ábhar sin, ní féidir dealú ceart a dhéanamh, ar leibhéal an Aontais, idir foinsí 'inbhuanaithe' agus 'neamh-inbhuanaithe' bithfhuinnimh in earnálacha an téimh agus an leictreachais agus an dealú sin a leagan síos sa reachtaíocht. Ina ionad sin, tá sé d'aidhm ag rogha amháin neamhreachtach agus ceithre rogha reachtacha aghaidh a thabhairt ar phríomhchúiseanna na bhfadhbanna agus na rioscaí a luaitear thuas. Tá an rogha bonnlíne (rogha 1) bunaithe ar na réitigh a chomhtháthú le gnéithe eile de chreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus le beartais eile ar ann dóibh cheana. D'fhágfadh na tionchair shuntasacha a bheadh ag na beartais sin, gan rialachán breise ar leith, gurbh é an rogha sin an cur chuige is éifeachtúla ó thaobh cothromaíocht idir torthaí agus ualach riaracháin; ach, leis an rogha sin, ní leagtar síos coimircí reachtacha sa chás go dtiocfaidh cleachtais chun cinn, ar dhóigh níos mó ná mar a léiríodh san obair shamhaltaithe, agus gur measa na fadhbanna dá ndeasca. Tá sé sin tábhachtach i bhfianaise an leibhéil éiginnteachta a bhaineann le forbairt na bithmhaise amach anseo, lena n-áirítear patrúin trádála agus rogha bunábhair. Leis na ceithre rogha beartais bhreise, moltar raon coimircí i gcoinne na rioscaí a shainaithnítear, bíodh is go bhfuil sé iontach deacair dul i ngleic leis an tsaincheist ar leith i ndáil le tionchair na bithmhaise ('carbón bithghineach') ar an aeráid. I bhfianaise an mhéid sin, ní raibh Seirbhísí an Choimisiúin in ann rogha beartais a shainaithint ar léir tosaíocht a bheith aici thar na roghanna beartais eile.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, léirigh 35 % de na freagróiri go raibh siad den tuairim gur leor na beartais AE agus náisiúnta atá ann faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna i dtrácht, agus d'iarr 59 % díobh go dtabharfaí isteach ionstraim nua beartais ar leibhéal an Aontais. Maidir le rogha 2, lena gcuirfí ar bhonn foirmiúil na ceanglais inbhuanaitheachta a bhfuil stádas molta ón gCoimisiún acu faoi láthair, níor tugadh aon tacaíocht shuntasach shoiléir di. Thacaigh roinnt táirgeoirí agus úsáideoirí bithfhuinnimh mar aon le roinnt Ballstát le rogha 3. Bheadh roinnt tionscal adhmadbhunaithe neamhfhuinnimh agus eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta i bhfabhar aghaidh a thabhairt ar éifeachtúlacht comhshóite (rogha 4). Bheadh an grúpa deiridh sin go mór i bhfabhar uasteorainn a chur le bithfhuinneamh freisin.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

De réir na ndálaí atá tuartha ag na samhlacha, tugann an anailís le fios nach mbeadh ach tionchar teoranta, bíodh is gur tionchar dearfach a bheadh ann, ag na roghanna beartais a shainaithnítear. Bheadh siad mar a bheadh coimircí ann sa chás go dtiocfadh cleachtais chun cinn, ar dhóigh níos mó ná mar a léiríodh sna samhlacha, agus gur mheasa na fadhbanna dá ndeasca.

In ainneoin go bhfuil an bithfhuinneamh ríthábhachtach chun go mbainfear amach an sprioc 27 % d'fhuinneamh in-athnuaite i meascán fuinnimh an Aontais faoi 2030, fágfaidh sciar ábhairín níos airde de bhithfhuinneamh seachas foinsí in-athnuaite eile go dtabharfar spreagadh ábhairín níos ísle do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Mar sin, tabharfaidh na roghanna ina moltar srianta ar úsáid an bhithfhuinnimh (1, 3, 4 agus 5) spreagadh indíreach d'earnáil an fhuinnimh chun díriú ar fhoinsí in-athnuaite eile agus, a bhuí leis sin, déanfar tuilleadh infheistíochta agus cruthófar poist bhreise in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite. De bharr go bhfuil tionchar cainníochtúil measartha teoranta ag gach rogha ar mhéideanna bithfhuinnimh amach anseo, is beag tionchar a imrítear ar an bhfás agus ar phoist freisin.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Mar thoradh ar cheanglais dlí nua i roghanna 2-5, ghearrfaí costais riaracháin sa bhreis ar tháirgeoirí bithmhaise talmhaíochta, ar úinéirí foraoise agus slabhra luacha an adhmaid, agus ar ghléasraí bithfhuinnimh. De réir na meastachán, d'fhéadfadh idir EUR 63 agus EUR 150 milliún a bheith i gceist i gcostais aon uaire agus idir EUR 31 agus EUR 51 milliún i gcostais athfhillteacha bhliantúla (go carnach i gcás gach oibreora). Is dócha go gcuirfear an costas breise sin ar aghaidh chuig an tomhaltóir deiridh (murab ann d'fhóirdheontas poiblí) nó chuig an bpobal i gcoitinne (má tá fóirdheontais ar fáil) nó cumasc den dá rud. Mar a mhínítear thuas, ní bheadh ar an iomlán ach tairbhe beag eacnamaíoch ag baint leis an athrú imeallach chuig foinsí eile fuinnimh in-athnuaite.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Is iomaí FBM agus micrifhiontar atá gníomhach i dtáirgeadh bithfhuinnimh agus sa slabhra úsáide a ghabhann leis, go háirithe úinéirí foraoisí beaga agus suiteálacha beaga bithfhuinnimh. Ní dhéanfaí difear don ghrúpa

| |
|---|
| deiridh, áfach, ach amháin ag brath ar íosmhéid na suiteálacha a thiocfadh faoi réir an cheanglais inbhuanaitheachta (1-5 MW, 5-10 MW, 10-20 MW nó níos mó ná 20 MW). Leis na roghanna beartais atá á mbreithniú, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí difear d'úinéirí foraoisí beaga, ach is lú an difear sin na i gcás cur chuige bunaithe ar riosca (rogha 3). |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| I gcás údaráis náisiúnta, ní bheadh ach costais riaracháin theoranta ag baint le cur chun feidhme na reachtaíochta agus leis na tascanna maidir le tuairisciú, faireachán agus fíorú faoi seach. Áirítear ar na costais sin costais aon uaire idir EUR 60 000 agus EUR 200 000 mar aon le costais athfhillteacha bhliantúla idir EUR 400 000 agus EUR 1 mhilliún. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Ní bheidh. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas go tráthrialta i gcomhthéacs an chreata maidir le rialachas an Aontais Fuinnimh, i gcás go háirithe ina gcuirfear san áireamh an faireachán a dhéantar ar na méideanna foriomlána bithmhaise a úsáidtear chun fuinneamh a tháirgeadh mar aon leis an gcineál bithmhaise, an cineál bunábhair, a thionscnamh geografach agus an úsáid deiridh a bhaintear as chun measúnú a dhéanamh ar theacht chun cinn na bhfadhbanna agus na rioscaí a shainaithnítear sa Measúnú Tionchair. Ní fhoráiltear do chlásal athbhreithnithe faoi leith. |